Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9791/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0170(BUD)**

**FIN 596**
**SOC 331**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9582/22 (COM(2022) 248 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón nGréig – EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing |

1. An 30 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 13/2022 ag gabháil leis[1].

2. Is é is aidhm don togra suim EUR 1.5 milliún ar an iomlán a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón nGréig chun an Ciste a imscaradh tar éis iomarcaíochtaí i sé chuideachta in earnáil monaraíochta trealamh leictrigh i réigiún Attica, chun cúnamh a chur ar fáil chun na 206 thairbhí spriocdhírithe a athimeascadh sa mhargadh saothair, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/691[2].

1 9583/22.

2 Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 3 Meitheamh 2022 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú, mar a leagtar amach in 9792/22 é, a fhormheas.